Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021

# Tíreolaíocht

## Cuid a hAon agus Freagarleabhar

## Gnáthleibhéal

Dé hAoine 11 Meitheamh Maidin 9.30 – 12.20

300 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Mar shampla, cuirtear
3 Feabhra isteach mar 0302

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá dhá chuid sa scrúdú seo. Tá na ceisteanna do **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith, ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **CUID A hAON** | Ceisteanna Gearrfhreagra | **100 marc** |
| | Freagair **DEICH** gceist ar bith. | |
| | Tá na ceisteanna go léir ar cómharc. | |

| | | |
|---|---|---|
| **CUID A DÓ** | Ceisteanna Struchtúrtha | **200 marc** |

Ní mór duit **DHÁ** cheist a fhreagairt. Ní mór gach ceist a thógáil as roinn éagsúil.

- Roinn 1: **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceisteanna 1-3)
- Roinn 2: **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceisteanna 4-6)
- Roinn 3: **Toghaonaid** (Ceisteanna 7-12)

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.


## CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC

Tabhair faoi **DHEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Tírdhreach Carstach**




Curtha in oiriúint ó www.gsi.ie

Scrúdaigh an léaráid thuas ina dtaispeántar tírdhreach carstach os cionn an dromchla agus faoina bhun, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.


(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an téarma sa tábla thíos is mó a luaitear léi.

| Téarma | Litir |
|---|---|
| Aolchuisne | |
| Súmaire | |
| Pluais/Uaimh | |
| Gallán/Colún | |

(ii) Ainmnigh áit **amháin** in Éirinn ina bhfuil tírdhreach carstach.

**[10m]**

**2.** **Cóstaí**




Curtha in oiriúint ó www.bbcbitesize.co.uk

Scrúdaigh an fótagraf thuas. Comhlánaigh an tábla trí gach ceann de na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt. Tá cuid den tábla comhlánaithe duit cheana.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an ngné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann í.

(ii) Cuir tic sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu próisis an chreimthe **nó** próisis an tsil-leagain is mó a luaitear le gach ceann de na gnéithe a ainmnítear sa tábla.

| **C.2 (i)** | **Gné** | **C.2 (ii)** | |
|---|---|---|---|
| **Litir** | | **Próisis an Chreimthe** (✓) | **Próisis an tSil-leagain** (✓) |
| | Aill | ✓ | |
| | Trá | | |
| | Stua mara | ✓ | |
| **C** | Stumpa mara | | |

**[10m]**

## 3. Ollghluaiseacht













Curtha in oiriúint www.wikipedia.com

Scrúdaigh na fótagraif thuas ina dtaispeántar cineálacha difriúla ollghluaiseachta. Comhlánaigh an tábla trí gach ceann de na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt. Tá cuid den tábla comhlánaithe duit cheana.

(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C**, agus **D** leis an gcineál ollghluaiseachta sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.

(ii) Cuir tic sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu próiseas gasta nó próiseas mall é gach ceann de na cineálacha ollghluaiseachta a liostaítear sa tábla thíos.

| **C.3 (i)** | **Cineál Ollghluaiseachta** | **C.3 (ii)** | |
|---|---|---|---|
| **Litir** | | **Gasta (✓)** | **Mall (✓)** |
| | Maidhm charraige | ✓ | |
| | Ithirthéaltú | | |
| | Maidhm shneachta | ✓ | |
| **B** | Láibshreabhadh | | |

**[10m]**

**4.** **Próisis Fhisiceacha**

Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun an próiseas fisiceach a mheaitseáil leis an ngné is mó a luaitear leis.

| Litir | Próiseas Fisiceach |
|---|---|
| **A** | Sil-leagan abhann |
| **B** | Sil-leagan oighreach |
| **C** | Síonchaitheamh ceimiceach |
| **D** | Creimeadh abhann |
| **E** | Sil-leagan cósta |

| Gné | Litir |
|---|---|
| Droimnín | |
| Clint | |
| Gob | |
| Eas | |
| Leibhé | |

**[10m]**

**5.** **Réigiúin**

Scríobh an litir cheart sa tábla thíos chun an **cineál réigiúin** a mheaitseáil leis an **sampla réigiúin** is fearr a mheaitseálann é.

| Litir | Cineál Réigiúin |
|---|---|
| **A** | Réigiún riaracháin in Éirinn |
| **B** | Limistéar uirbeach |
| **C** | Réigiún a shainmhínítear de réir teanga |
| **D** | Réigiún aeráide |
| **E** | Réigiún geomoirfeolaíoch |

| Sampla den Réigiún | Litir |
|---|---|
| Páras | |
| Fionnuar Measartha Aigéanach | |
| An Vallúin, An Bheilg | |
| Comhairle Contae na hIarmhí | |
| Iomairí agus Gleannta na Mumhan | |

**[10m]**

6. **Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Cad é achar iomlán na léarscáile?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

99 $km^2$ ☐

108 $km^2$ ☐

(ii) Cén fad atá san iarnród, ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil ag G 252 090 go dtí an stáisiún traenach ag G 255 043?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

3.5 km ☐

5.0 km ☐

**[10m]**

7. **Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh an seaniarsma atá le fáil ag gach ceann de na tagairtí eangaí seo a leanas:

| |
|---|
| G 262 009: |
| G 301 033: |
| G 263 063: |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl an cineál coillearnaí atá le fáil ag G 287 043.

Foraois bhuaircíneach ☐

Coillearnach dhuillsilteach ☐

Foraois mheasctha ☐

(iii) Sa spás thíos, tarraing an tsiombail a bhíonn ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis le haghaidh ionad dearctha.

**[10m]**


**8. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus na sleachta as thíos, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.













(i) Bain úsáid as nodaireacht aitheanta (cúlra ar dheis, lár an tulra, etc.), agus tabhair suíomh gach ceann de na sleachta as an aerfótagraf.

| | |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | |


(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu aerfótagraf ceartingearach nó aerfótagraf fiar é an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Ceartingearach ☐

Fiar ☐

**[10m]**

## 9. Cairteacha Aimsire




Scrúdaigh an chairt aimsire thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén brú baraiméadrach atá ann (ina heicteapascail/ina mhilleabair) i lár an limistéir lagbhrú atá marcáilte le **X**?

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an abairt seo a leanas.

Tá na dálaí céanna aimsire in Éirinn agus san Iodáil.

Fíor ☐ Bréagach ☐

(iii) Cad atá á léiriú ag litir **H** ar an gcairt aimsire?


(iv) Sa bhosca thíos, tarraing an tsiombail a úsáidtear ar chairt aimsire le haghaidh fronta fuar.

(v) Ceanglaíonn na línte dubha ar an léarscáil aimsire seo limistéir ina bhfuil an brú baraiméadrach céanna.
Cad é an t-ainm ceart ar na línte seo? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Iseabair ☐ Isiteirmeacha ☐

**[10m]**

**10. Gníomhaíochtaí Geilleagracha**




Scrúdaigh an bharrachairt chruachta thuas ina dtaispeántar an céatadán de dhaoine atá fostaithe i ngníomhaíochtaí geilleagracha difriúla i Vítneam, sa Nigéir agus san Astráil, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén céatadán de dhaoine san Astráil atá fostaithe i ngníomhaíochtaí geilleagracha tánaisteacha?

(ii) Cén tír ina bhfuil an céatadán is airde de dhaoine fostaithe i ngníomhaíochtaí geilleagracha príomhúla?

(iii) Ríomh an difríocht atá idir an céatadán de dhaoine atá fostaithe i ngníomhaíochtaí geilleagracha treasacha san Astráil agus an céatadán de dhaoine atá fostaithe i ngníomhaíochtaí geilleagracha treasacha i Vítneam.

(iv) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil, thánaisteach nó threasach é gach ceann de na poist seo a leanas.

| Post | Príomhúil (✓) | Tánaisteach (✓) | Treasach (✓) |
|---|---|---|---|
| Mianadóir | | | |
| Múinteoir | | | |

**[10m]**

**11. Staitisticí Aimsire**

Iomlán na Báistí Míosúla (ina milliméadair) ag na Stáisiúin Aimsire
i mBéal an Mhuirthead agus i mBéal Átha hÉis in 2019

| | Ean | Feab | Már | Aib | Beal | Meith | Iúil | Lún | MF | DF | Samh | Noll | Bliantúil |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Béal an Mhuirthead** | 93 | 120 | 151 | 85 | 58 | 87 | 101 | 161 | 105 | 117 | 139 | 150 | 1367 |
| **Béal Átha hÉis** | 44 | 54 | 149 | 64 | 36 | 116 | 52 | 165 | 164 | 84 | 103 | 84 | 1115 |

Curtha in oiriúint ó www.met.ie

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar iomlán na báistí míosúla le haghaidh na stáisiún aimsire i mBéal an Mhuirthead agus i mBéal Átha hÉis in 2019, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Céard é iomlán na báistí míosúla (ina mm) a thit i mí an Mhárta 2019 ag stáisiún aimsire Bhéal Átha hÉis?

(ii) Cén mhí inar thit an leibhéal ab airde báistí ag stáisiún aimsire Bhéal an Mhuirthead in 2019?


(iii) Ag stáisiún aimsire Bhéal Átha hÉis, cé mhéad mí ina raibh leibhéal na báistí níos lú ná 60 mm?


(iv) Cén stáisiún aimsire ag ar thit an leibhéal ba mhó báistí in 2019?


(v) Ainmnigh an gléas aimsire a úsáidtear chun báisteach a thomhas.

**[10m]**

## 12. Léirmhíniú Satailíte











Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun gach ceann de na híomhánna satailíte, **A** go **E**, a mheaitseáil leis an gcur síos is oiriúnaí uirthi.

| Cur Síos | Litir |
|---|---|
| Oighearshruth San Quentin, An tSíle | |
| Spéirling Dorian amach ó chósta Florida, SAM | |
| Táirgeadh salainn i nGaineamhlach Thar, India | |
| Feirmeoireacht barr in Minnesota, SAM | |
| Brúchtadh Bholcáin Popocatépetl, Meicsiceo | |


**[10m]**

# Freagarleabhar do CHUID A DÓ

## Treoracha

Tá na ceisteanna do **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith.

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh. Bain úsáid as an gcolún ar chlé chun gach cuid a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá ceithre leathanach grafpháipéir ar fáil ar na chéad cheithre leathanach eile sa fhreagarleabhar seo. Ar gach leathanach grafpháipéir, tá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste ag bun an leathanaigh.

Ní gá duit na leathanaigh ar fad sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Mura mbíonn dóthain spáis agat sa fhreagarleabhar seo, is féidir leat breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí, graf agus léaráidí.

Ceist

Ceist

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chear ta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

**Don Scrúdaitheoir amháin**

| Cuid a hAon | Marc Iomlán | Scrúd. Comh. |
|---|---|---|
| **Ceist 1** | | |
| **Ceist 2** | | |
| **Ceist 3** | | |
| **Ceist 4** | | |
| **Ceist 5** | | |
| **Ceist 6** | | |
| **Ceist 7** | | |
| **Ceist 8** | | |
| **Ceist 9** | | |
| **Ceist 10** | | |
| **Ceist 11** | | |
| **Ceist 12** | | |
| Marc Carnach | | |
| Marcanna Dícheadaithe | | |
| **Marc Glan** | | |

| Ceist | Marcanna Scrúd. | Scrúd. Comh. |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **Iomlán** | | |
| **Bónas** | | |
| **Mór iomlán** | | |
| **Grád** | | |

| | |
|---|---|
| **1. Suim na n-iomlán deireadh leathanaigh** | |
| **2. Mór-iomlán na gceisteanna/ceiste nár ceadaíodh** | |
| **3. An t-ollmharc cruinn a bronnadh (1 lúide 2)** | |
| **4. Breismharc do fhreagairt trí mheán na Gaeilge (más I gceist)** | |
| **5. Marc iomlán má bronnadh breismharc do fhreagairt trí Ghaeilge (3+4)** | |
| **Nóta:** Caithfidh an marc i líne 3 (nó líne 5 má bronnadh breismharc do fhreagairt trí mheán na Gaeilge) a bheith cothrom leis an marc sa bhosca Mór Iomlán ar an script. | |

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a hAon agus Freagarleabhar

Dé hAoine 11 Meitheamh
Maidin 9.30 – 12.20

2021. M23T 2021L005G4IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021

# Tíreolaíocht

## Cuid a Dó

## Gnáthleibhéal

Dé hAoine 11 Meitheamh Maidin 9:30 – 12:20

300 marc

| Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais |
|---|

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 200 MARC

Ní mór duit **DHÁ** cheist a fhreagairt. Ní mór gach ceist a thógáil as roinn éagsúil.

- Roinn 1: **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceisteanna 1-3)
- Roinn 2: **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceisteanna 4-6)
- Roinn 3: **Toghaonaid** (Ceisteanna 7-12)

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR INA BHFUIL CUID A hAON***

## ROINN 1
## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

**Ceist 1 go 3**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1

**1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Loch Cuilinn
- Oileán Uí Ghríofa (*Griffins Island*)
- Limistéar de choillearnach mheasctha
- An limistéar iomlán talún atá os cionn 200 méadar in oirthuaisceart na léarscáile
- Cúrsa iomlán Abhainn na Claoidí (*Clydagh River*).

**[30m]**

**1B. Bolcáin**

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de bholcáin.
(ii) Déan plé ar na hiarmhairtí dearfacha a bhaineann le bolcáin.
(iii) Déan plé ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le bolcáin.

**[40m]**


**1C. Carraigeacha**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de charraig dhríodair **agus** luaigh suíomh in Éirinn ina mbíonn sí ar fáil.
(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an gcaoi a bhfoirmítear carraigeacha dríodair.

**[30m]**

## Ceist 2

### 2A. Teicteonaic Plátaí




Curtha in oiriúint ó www.usgs.gov

Scrúdaigh léarscáil an domhain thuas ina dtaispeántar teorainn plátaí, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) An bhfuil na plátaí ag imbhualadh faoi chéile nó ag scaradh ó chéile ag **A**?

(ii) Ainmnigh an droim aigéin a ritheann ó Thuaidh – ó Dheas feadh na teorann plátaí ag **A**.

(iii) Ainmnigh an t-oileán bolcánach atá suite ag **B**.

(iv) Ainmnigh an pláta ar a luíonn Éire.

(v) Ainmnigh an **dá** phláta atá ag imbhualadh faoi chéile ag an teorainn ar a bhfuil an lipéad **C**.

(vi) Ainmnigh tírghné **amháin** a fhoirmítear ag teorainneacha plátaí atá ag imbhualadh le chéile **agus** ainmnigh sampla **amháin** den tírghné sin.

(vii) Mínigh go hachomair an tslí a ngluaiseann plátaí.

**[30m]**

### 2B. Próisis Dromchla

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Mínigh, le cuidiú léaráidí, foirmiú **dhá** thírghné ar bith.

**nó**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**[40m]**

**2C. Idirghníomhú an Duine le Timthriall na gCarraigeacha**


Déan cur síos agus tabhair míniú ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an duine le timthriall na gcarraigeacha, agus bíodh tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**[30m]**

## Ceist 3

### 3A. Próisis Dromchla




Curtha in oiriúint ó www.nen.gov.uk, www.mountainsafety.co.uk agus www.collinsdictionary.com

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** atá ar na fótagraif thuas leis an ngné is fearr ón liosta thíos a mheaitseálann é:

- Fána sciligh
- Pábháil aolchloiche
- Tambaló.

(ii) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** atá ar na fótagraif thuas leis an bpróiseas ón liosta thíos is mó a luaitear le foirmiú na tírghné san fhótagraf:

- Sil-leagan cósta
- Síonchaitheamh fisiciúil/meicniúil
- Síonchaitheamh ceimiceach.

(iii) Ainmnigh próiseas **amháin** de shíonchaitheamh fisiciúil/meicniúil.

(iv) Ainmnigh próiseas **amháin** de shíonchaitheamh ceimiceach.

(v) Mínigh go hachomair próiseas an *ghníomhaithe hiodrálaigh*.

**[30m]**

### 3B. Creathanna Talún

(i) Ainmnigh **dhá** shuíomh thíreolaíocha inar tharla creathanna talún.

(ii) Ainmnigh scála **amháin** a úsáidtear chun creathanna talún a thomhas.

(iii) Mínigh conas a tharlaíonn creathanna talún **agus** déan cur síos ar na príomh-iarmhairtí a bhaineann leo.

**[40m]**

### 3C. Idirghníomhú an Duine le Próisis Dromchla

Scrúdaigh an tslí a n-idirghníomhaíonn daoine le ceann **amháin** de na próisis dromchla seo a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Ollghluaiseacht.

**[30m]**

**ROINN 2**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 4

**4A. Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Limistéar rilífe ainmnithe **amháin** (talamh ard nó talamh íseal)
- Abhainn ainmnithe **amháin**
- **Dhá** bhaile nó **dhá** chathair ainmnithe sa réigiún seo.

**[30m]**

**4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach i Réigiún in Éirinn**

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus tagairt agat do réigiún **in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach sa réigiún sin.

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún sin maidir le forbairt na gníomhaíochta geilleagraí tánaistí sin.

(iii) Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** atá roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach sin sa réigiún sin.

**[40m]**

**4C. Coincheap réigiúin**


Déan cur síos agus tabhair míniú, agus samplaí á n-úsáid, ar **dhá** cheann ar bith de na cineálacha réigiúin atá ar an liosta thíos:

- Réigiúin aeráide
- Réigiúin gheomoirfeolaíocha
- Réigiúin chultúir sainmhínithe ag teanga
- Réigiúin chultúir sainmhínithe ag reiligiún.

**[30m]**

## Ceist 5

### 5A. Foraoiseacht in Éirinn




Curtha in oiriúnt ó www.agriculture.gov.ie

Scrúdaigh an líneghraf thuas ina dtaispeántar an t-achar talaimh a cuireadh faoi chrainn i gcontaetha roghnaithe idir 2014 agus 2018, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh **dhá** chontae inar cuireadh níos mó ná 300 heictéar talaimh faoi chrainn in 2016.

(ii) Cén bhliain idir 2014 agus 2018 ina ndearnadh an t-achar ba mhó talaimh i gCill Mhantáin a chur faoi chrainn?

(iii) Cén contae ina raibh an t-achar talaimh ba mhó a cuireadh faoi chrainn in 2018?

(iv) Ríomh an difríocht (ina heictéir) idir an t-achar talaimh i Maigh Eo a cuireadh faoi chrainn agus an t-achar talaimh i gCill Dara a cuireadh faoi chrainn in 2018.

(v) Luaigh **dhá** thoisc fhisiciúla a fhágann go bhfuil Éire oiriúnach i gcomhair na foraoiseachta.

(vi) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an bhforaoiseacht.

**[30m]**

### 5B. Réigiúin Uirbeacha

Déan cur síos agus tabhair míniú ar na cúiseanna atá le fás limistéir uirbigh **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

**5C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil i Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus bíodh tagairt agat do réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin** a chuireann le geilleagar an réigiúin sin.

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún sin maidir le forbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

(iii) Déan cur síos ar fhadhb **amháin** a bhíonn roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil sin sa réigiún sin.

**[40m]**


## Ceist 6

### 6A. An tAontas Eorpach – Talmhaíocht

Táirgeadh Bainne i dTíortha Roghnaithe san Aontas Eorpach in 2018

| Tír | Milliún Tonna |
|---|---|
| An Iodáil | 11 |
| Éire | 8 |
| An Ghearmáin | 32 |
| An Pholainn | 12 |
| An Ísiltír | 14 |
| An Fhrainc | 25 |

Na húsáidí a baineadh as bainne san Aontas Eorpach in 2018




Sonraí go léir curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla agus an chairt thuas ina dtaispeántar eolas faoin méid bainne a táirgeadh san Aontas Eorpach in 2018 agus faoin úsáid a baineadh as an mbainne sin, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cé mhéad bainne (ina mhilliúin tonna) a táirgeadh san Ísiltír in 2018?

(ii) Cén tír ar an liosta sa tábla thuas a tháirg an méid ba mhó bainne in 2018?

(iii) Cén céatadán den bhainne a úsáideadh chun uachtar a dhéanamh?

(iv) Ríomh **X**, an céatadán den bhainne a úsáideadh chun im a dhéanamh.

(v) Cén táirge ba mhó ar úsáideadh bainne lena dhéanamh in 2018?

(vi) Ainmnigh **dhá** chineál feirme a bhíonn le fáil in Éirinn.

(vii) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le ballraíocht an Aontais Eorpaigh d'fheirmeoirí na hÉireann.

**[30m]**

### 6B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha – Réigiún Eorpach

Mínigh forbairt **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas, agus bíodh tagairt agat do réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Na cúiseanna a mheallann turasóirí go dtí an réigiún
- Tábhacht na déantúsaíochta don réigiún
- Forbairt an iompair sa réigiún.

**[40m]**

### 6C. Fadhbanna Réigiúnacha

Déan cur síos agus tabhair míniú ar **dhá** fhadhb a bhíonn ag aon réigiún a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

### 7A. Úsáid Fuinnimh in Éirinn

An Sciar Céatadánach Fuinnimh a bhaineann le hAstuithe $CO_2$ de réir Earnála in Éirinn in 2018

| Earnáil | Sciar % |
|---|---|
| Iompar | 40 |
| Cónaitheach | 24 |
| Tionsclaíoch | 21 |
| Seirbhísí | 13 |
| Talmhaíocht | 2 |

Curtha in oiriúint ó www.seai.ie

Scrúdaigh na sonraí thuas maidir le fuinneamh a bhaineann le hastuithe $CO_2$ de réir earnála in Éirinn in 2018, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhaineann le hastuithe $CO_2$.

**[30m]**

### 7B. Cuideachta Ilnáisiúnta (CIN)

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** atá ag feidhmiú in Éirinn.

(ii) Ainmnigh amhábhar **amháin** a úsáideann an chuideachta ilnáisiúnta sin **agus** ainmnigh an tír óna bhfaightear an t-amhábhar sin.

(iii) Ainmnigh táirge **amháin** a dhéanann an chuideachta ilnáisiúnta sin.

(iv) Luaigh an áit in Éirinn ina bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta sin lonnaithe **agus** mínigh go mionsonrach an chúis ar lonnaíodh san áit sin í.

**[40m]**

### 7C. Éire agus an tAontas Eorpach

Mínigh an chaoi a bhfuil ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach tar éis dul i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

## Ceist 8

### 8A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Bhéal Easa a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An abhainn
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- Droichead
- Limistéar foraoiseachta sa chúlra ar chlé
- Limistéar gharbhlach sa chúlra ar dheis.

**[30m]**

### 8B. Gníomhaíocht Gheilleagrach – Truailliú an Chomhshaoil

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thruailliú an chomhshaoil a tharlaíonn mar thoradh ar an ngníomhaíocht gheilleagrach.

(ii) Mínigh cúiseanna **agus** iarmhairtí an truaillithe comhshaoil sin.

(iii) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí an truailliú comhshaoil sin a laghdú.

**[40m]**

### 8C. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha

Déan cur síos agus tabhair míniú ar fhorbairt ceann **amháin** díobh seo a leanas, agus bíodh tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Turasóireacht
- Seirbhísí airgeadais
- Seirbhísí agus tionscail gan chuing.

**[30m]**

## Ceist 9

### 9A. An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna

Sonraí an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) do Thíortha Roghnaithe, 2018

| Tír | Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) | Ionchas saoil tráth breithe (blianta) | Blianta scolaíochta tuartha | Oll-ioncam náisiúnta *per capita* ($SAM) |
|---|---|---|---|---|
| Éire | 0.942 | 82.1 | 18.8 | 55,660 |
| Mailí | 0.427 | 58.9 | 7.6 | 1,965 |
| Meicsiceo | 0.767 | 75 | 14.3 | 17,628 |
| An Astráil | 0.938 | 83.3 | 22.1 | 44,097 |
| An tSíle | 0.847 | 80 | 16.5 | 21,972 |

Curtha in oiriúint ó www.hdr.unp.org

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tír ag ar raibh an luach ab airde ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna in 2018?

(ii) Cad é an t-oll-ioncam náisiúnta *per capita* (in $SAM) a bhí ag an Astráil in 2018?

(iii) Cén **dá** thír a raibh an t-ionchas saoil tráth breithe ab ísle acu in 2018?

(iv) Ríomh an difríocht atá san oll-ioncam náisiúnta *per capita* (in $SAM) idir Éire agus Meicsiceo.

(v) Liostaigh **dhá** chúis a mbíonn luach níos airde ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna ag tíortha áirithe seachas ag tíortha eile.

(vi) Mínigh go hachomair toisc **amháin** a mbíonn tionchar aici ar an ionchas saoil.

**[30m]**

### 9B. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Cuir i gcás gur tugadh mar thasc duit suíomh oiriúnach le haghaidh monarcha nua a fháil taobh istigh den limistéar atá ar an léarscáil.

(i) Luaigh cá lonnófá an mhonarcha, agus tagairt eangaí sé fhigiúr á húsáid agat.

(ii) Mínigh na cúiseanna ar roghnaigh tú an suíomh sin.

(iii) Déan cur síos ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an monarcha a lonnú sa suíomh sin.

**[40m]**

### 9C. Coilíneachas

(i) Ainmnigh geilleagar i mbéal forbartha **amháin** a ndearnadh coilíniú air.

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar iarmhairtí an choilíneachais ar an ngeilleagar i mbéal forbartha sin.

**[30m]**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

### 10A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Bhéal Easa a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Carrchlós mór
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- **Dhá** shéipéal
- Páirc spóirt sa chúlra ar dheis.

**[30m]**

### 10B. Imirce – Ó Cheantar Tuaithe go Ceantar Uirbeach

(i) Luaigh **dhá** chúis a dtéann daoine ar imirce ó cheantair thuaithe chuig ceantair uirbeacha.

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar iarmhairt na himirce sin ar na ceantair uirbeacha a dtéann daoine ar imirce chucu.

(iii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar iarmhairt na himirce sin ar na ceantair thuaithe a fhágann siad ina ndiaidh.

**[40m]**

### 10C. Ródhaonra

(i) Mínigh go hachomair cad atá i gceist leis an téarma *ródhaonra*.

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar chúiseanna **agus** iarmhairtí an ródhaonra, agus bíodh tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

## Ceist 11

### 11A. Dáileadh Daonra

Daonra Uirbeach agus Tuaithe in Éirinn in 2011 agus in 2016

| Limistéar | Daonra 2011 | Daonra 2016 | % den daonra ag cur fúthu i limistéir uirbeacha in 2016 | % den daonra ag cur fúthu i limistéir thuaithe in 2016 |
|---|---|---|---|---|
| Co. Shligigh | 65,393 | 65,535 | 40 | 60 |
| Co. Lú | 122,897 | 128,884 | 66 | 34 |
| Co. Liatroma | 31,798 | 32,044 | 11 | 89 |
| Co. BÁC | 1,273,069 | 1,347,359 | 98 | 2 |
| **Éire** | **4,588,252** | **4,761,865** | **63** | **37** |

Curtha in oiriúint ón POS

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar eolas maidir leis an daonra in Éirinn in 2011 agus in 2016, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén daonra a bhí i gContae Lú in 2011?

(ii) Cén céatadán de dhaonra na hÉireann a bhí ag cur fúthu i limistéir thuaithe in 2016?

(iii) Ríomh an t-athrú ar dhaonra Chontae Shligigh idir 2011 agus 2016.

(iv) Cén contae ina raibh an céatadán ab airde den daonra ag cur fúthu i limistéir thuaithe in 2016?

(v) Luaigh **dhá** chúis a mbíonn níos mó daoine in Éirinn ina gcónaí i limistéir uirbeacha.

(vi) Cén céatadán de dhaonra Chontae Bhaile Átha Cliath a bhí ag cur fúthu i limistéir uirbeacha in 2016?

(vii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil méadú ag teacht ar dhaonra na hÉireann.

**[30m]**

### 11B. Cathair sa Domhan i mBéal Forbartha

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha atá ag fás go tapa.

(ii) Mínigh na cúiseanna leis an bhfás tapa ar an gcathair sin sa domhan i mbéal forbartha.

(iii) Déan cur síos ar na fadhbanna a thagann chun cinn mar gheall ar an bhfás tapa sin.

(iv) Mínigh réiteach **amháin** ar na fadhbanna sin.

**[40m]**

### 11C. Forbairt Lonnaíochtaí Uirbeacha

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Mínigh **thrí** chúis ar fhorbair baile Bhéal Easa sa suíomh seo, agus úsáid fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis mar thacú le gach cúis díobh.

**[30m]**

## Ceist 12

### 12A. Dlús an Daonra

Dlús an Daonra i dTíortha Roghnaithe Eorpacha in 2018

| Tír | Dlús an Daonra (líon daoine per km$^2$) |
|---|---|
| Éire | 71 |
| An Bhulgáir | 63 |
| An Spáinn | 93 |
| An Rómáin | 83 |
| An Chróit | 73 |

Curtha in oiriúint ó www.ec.europa.eu

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar eolas maidir le dlús an daonra i dtíortha roghnaithe san Eoraip in 2018, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf nó cairt oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair cúis **amháin** a mbíonn dlús daonra íseal i réigiúin áirithe.

**[30m]**

### 12B. Feidhmeanna Uirbeacha

(i) Ainmnigh limistéar uirbeach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Ainmnigh **dhá** fheidhm ar bith a bhaineann leis an limistéar uirbeach sin.

(iii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an gcaoi ar tháinig athrú le himeacht aimsire ar na feidhmeanna a bhaineann leis an limistéar uirbeach sin.

**[30m]**

### 12C. Gréasáin Lonnaíochta Tuaithe

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh **trí** ghréasán lonnaíochta tuaithe dhifriúla atá le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis **agus** tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr do shuíomh ina bhfuil sampla de gach ceann díobh.

(ii) Mínigh gach ceann de na **trí** ghréasán lonnaíochta tuaithe a ainmníodh tú i gcuid (i) thuas.

**[40m]**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Tíreolaíocht - Cuid a Dó

Dé hAoine 11 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:20